Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Bealtaine 2022**
**(OR. en)**

**8590/22**

**SAN 232**
**PHARM 73**
**SOC 240**
**MI 326**
**FRONT 180**
**COVID-19 88**
**DEVGEN 73**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Aibreán 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 190 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN COVID-19 - Ullmhacht agus Freagairt an Aontais a Chothú: Ag breathnú chun cinn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 190 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 190 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.4.2022
COM(2022) 190 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

# COVID-19 - Ullmhacht agus Freagairt an Aontais a Chothú: Ag breathnú chun cinn

## 1. RÉAMHRÁ

Níl deireadh le paindéim dhomhanda COVID-19 go fóill. Tá airdeall agus ullmhacht ríthábhachtach i gcónaí.

Cé go bhfuil difear idir líon na gcásanna ar fud na hEorpa, níl galair thromchúiseacha ná básanna ag eascairt as na méaduithe chomh minic céanna anois agus a bhí roimhe seo. An t-athraitheach is coitianta Omicron, níl sé chomh dian leis na hathraithigh a bhí ann roimhe. Tá feabhas suntasach tagtha freisin ar imdíonacht an daonra i gcoinne an víris, bíodh sé sin nádúrtha nó tríd an vacsaíniú.

Tá sé léirithe le dhá bhliain anuas gur dócha go mbeidh rátaí minicíochta níos ísle ann le linn an tsamhraidh. Dá bhrí sin, is dócha go dtitfidh an brú ón bpaindéim sna míonna amach romhainn. Cruthaíonn sé seo deis a bhfuil géarghá léi chun ullmhú do bhorrthaí paindéime a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Ní mór dúinn gníomhú go tapa agus i gcomhar le chéile agus an deis seo a thapú chun ullmhú don fhómhar agus don gheimhreadh atá le teacht agus ina dhiaidh sin.

Tá na milliúin ionfhabhtuithe ann ar fud an domhain go fóill. Tá cuid mhór daoine faoi dhianghlasáil ar fud an domhain. Tá cuid mhór daoine fós ag fulaingt nó ag fáil bháis le COVID-19. Tá an imdíonacht ag dul i léig agus tá seans ann go neartóidh an víreas le linn an gheimhridh, is rudaí iad sin a mhéadaíonn an dóchúlacht go dtiocfaidh athraithigh nua SARS-CoV-2 – an víreas is cúis le COVID-19 – chun cinn agus go leathfaidh siad.

Chuige sin, thosaigh roinnt Ballstát ar chineálacha nua cur chuige a chur chun feidhme chun paindéim leanúnach COVID-19 a bhainistiú i dtreo téarnaimh inbhuanaithe athléimneach.

Cé go bhfuil cineálacha cur chuige nua á gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun bainistiú a dhéanamh ar an bpaindéim leanúnach, is dócha go mbainfí an ilroinnt sna straitéisí ullmhachta agus freagartha an bonn de na tairbhí a tháinig as comhordú na mbeart slándála sláinte ar fud an Aontais go dtí seo. A bhuí le Straitéis an Aontais um Vacsaíní, tá dóthain vacsaíní sábháilte éifeachtach ann do chách. Mheas EDS agus an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) gur shábháil vacsaíní COVID-19 beagnach leathmhilliún duine ar fud na hEorpa[1] agus gur chosc siad a lán tinneas tromchúiseach.

Trí oibriú i gcomhar le chéile, choinnigh an tAontas a mhargadh aonair ag feidhmiú, rinne sé srianta taistil a íoslaghdú agus shlóg sé acmhainneacht mhonaraíochta na dtáirgí criticiúla nuair a cuireadh isteach ar shlabhraí soláthair – a bhuí leis an obair gan stad a rinne daoine ag an túslíne. Sa chéim nua seo den phaindéim, beidh comhordú ríthábhachtach arís eile.

Cuirtear cur chuige chun cinn sa Teachtaireacht seo chun an phaindéim a bhainistiú sna míonna amach romhainn, ag bogadh ó mhodh éigeandála go dtí modh níos inbhuanaithe. Leis an Teachtaireacht, iarrtar ar na Ballstáit gníomhaíochtaí a dhéanamh roimh an bhfómhar, lena gcuirtear leis an gcomhordú rathúil ar fud an Aontais maidir le hullmhacht agus freagairt i leith na sláinte. Ba cheart gurb é an aidhm choiteann an tsláinte phoiblí a chosaint agus an tsochaí agus an geilleagar a choinneáil oscailte agus athléimneach ag an am céanna.

## 2. AN COMHTHÉACS AGUS NA DÚSHLÁIN ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR

Maidir leis an vacsaíniú, is cúis imní iad dhá ghné roimh an bhfómhar: cumhdach vacsaínithe i roinnt Ballstát a bhfuil buaic sroichte aige agus/nó atá fo-optamach; agus éifeachtacht vacsaíne níos

[1] https://www.ecdc.europa.eu/en/news-events/who-ecdc-nearly-half-million-lives-saved-covid-19-vaccination.

ísle i measc daoine aonair nach bhfuil teanndáileog faighte acu go fóill. Tá os cionn 90 milliún duine incháilithe san AE/LEE[2] nach bhfuil vacsaín faighte acu go fóill, lena n-áirítear tuairim is 9 milliún duine atá 60 bliana d'aois agus os a chionn, rud a mhéadaíonn an riosca mortlaíochta agus teacht chun cinn athraitheach nua. Ina theannta sin, tá difríochtaí móra idir rátaí cumhdaithe vacsaínithe ar fud Bhallstáit AE/LEE. I roinnt Ballstát, tá an vacsaíniú príomhúil iomlán faighte ag beagnach 85 % den daonra iomlán; i mBallstáit eile, tá an figiúr sin níos lú ná 50 %. Ar an dara dul síos, tá céatadán na ndaoine fásta os cionn 18 mbliana d'aois san AE/LEE a fuair teanndáileog tar éis buaic a sroicheadh, céatadán thart ar 64 % atá ann faoi láthair[3].

Cé go bhfuil an fhorbairt a thiocfaidh ar an bpaindéim deacair a thuar, tá rud amháin cinnte: Is cuid den saol é COVID-19 anois. Leanfaidh an víreas de bheith ag forbairt agus is dócha go dtiocfaidh athraithigh nua chun cinn. Maidir le ráigeanna COVID-19 agus teacht chun cinn athraitheach víreas nua, ní mór dúinn freagairt dóibh le hardleibhéil ullmhachta, agus dlús a chur leis an gcumhdach vacsaínithe le hiarrachtaí spriocdhírithe chun teacht ar na daoine sin nach bhfuil vacsaín faighte acu go fóill.

Tá a straitéisí tástála á gcur in oiriúint ag tíortha, e.g. trí thástáil a dhíriú ar chásanna tromchúiseacha agus ar dhaoine a bhfuil tosca riosca acu maidir le galair thromchúiseacha. Leis na hathruithe sin, is dócha go dtiocfaidh laghdú ar chumhdach na ndaoine a ndéantar tástáil orthu sna Ballstáit. Beidh sé níos dúshlánaí freisin sonraí eipidéimeolaíochta a léirmhíniú. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go ndearfaí straitéisí nua tástála chun ionadaíocht a áirithiú agus, dá bhrí sin, go soláthrófar tásca úsáideacha maidir leis an treocht eipidéimeolaíoch.

Tá tábhacht níos mó ag baint leis na hiarrachtaí sin toisc go bhfuil an tsláinte agus an rathúnas eacnamaíoch fite fuaite ina chéile. Mheas an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta gurb é EUR 12.25 trilliún an caillteanas eacnamaíoch domhanda a tharla de dheasca na paindéime[4]. Bhí bearta eacnamaíocha agus buiséadacha, nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, in ann an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a mhaolú go substaintiúil. Is infheistíocht i bhfás, i gcobhsaíocht agus in athléimneacht eacnamaíoch iad ullmhacht i leith slándáil sláinte agus córais sláinte agus cosanta sóisialta athléimneacha, mar is léir arís eile le roinnt seachtainí anuas, agus méaduithe suntasacha tagtha ar líon na gcásanna sa tSín agus na bearta diana a tugadh isteach arís, ar bearta iad a thugann fíorthosach na paindéime chun cuimhne. Cuireadh na milliúin daoine sa tSín faoi dhianghlasáil dhian go luath i mí Aibreáin 2022. An chéad fhianaise atá ann, léiríonn sí tionchar ar an lóistíocht agus ar an ollstóráil, agus gur chuir roinnt príomhsholáthraithe stad sealadach leis an táirgeacht, san earnáil leictreonach cuir i gcás. Staideanna cosúil leis an gceann atá ann faoi láthair sa tSín, d'fhéadfadh siad an baol a bhaineann le drochthionchair ar an ngeilleagar domhanda agus ar shlabhraí luacha domhanda a mhéadú – mar aon le soláthar táirgí straitéiseacha ón tSín ar a bhfuil an tAontas ag brath[5]. Dá bhrí sin, ní mór tús áite a thabhairt d'athléimneacht an tslabhra soláthair.

Le dhá bhliain anuas, tá ról ríthábhachtach slabhraí soláthair athléimneacha feicthe againn mar fhreagairt ar an bpaindéim. Trí fhaireachán a dhéanamh ar shlabhraí soláthair na n-ábhar criticiúil ionchuir le haghaidh vacsaíní, trí thacú le méadú na hacmhainneachta táirgeachta san Aontas agus trí bheith ag obair go dlúth le comhpháirtithe idirnáisiúnta, thug Tascfhórsa an Choimisiúin um

[2] Áirítear ar an gcéatadán sin gach duine atá incháilithe chun vacsaín a fháil, seachas leanaí atá níos óige ná 5 bliana d'aois.

[3] ECDC, rianaire vacsaíní COVID-19, https://qap.ecdc.europa.eu/public/extensions/COVID-19/vaccine-tracker.html#age-group-tab.

[4] https://www.imf.org/en/Publications/WEO/Issues/2022/01/25/world-economic-outlook-update-january-2022.

[5] Mar shampla, comhábhair ghníomhacha chógaisíochta (APIanna), comhpháirteanna TF, amhábhair chriticiúla agus trealamh cosanta pearsanta.

uas-scálú tionsclaíoch ar vacsaíní aghaidh ar scrogaill sa slabhra soláthair agus thacaigh sé leis an acmhainneacht táirgeachta a mhéadú ar bhealach nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe. Ós rud é gur féidir le scrogaill tarlú arís agus arís eile, tá sé ríthábhachtach leanúint den obair sin.

Ní mór don tsláinte phoiblí, don ullmhacht agus don chumas freagartha comhpháirteach comhordaithe a bheith ar bharr chlár oibre an Aontais má tá conair ár bhfás eacnamaíoch chun a bheith slán i bhfad na haimsire i ré na bpaindéimí. Ina theannta sin, ní mór cáilíocht agus athléimneacht na gcóras cúraim sláinte a fheabhsú, go háirithe sna réigiúin is lú forbairt, ina bhfuil an mhortlaíocht de dheasca COVID 19 níos airde ná mar atá i réigiúin atá níos forbartha, mar a léirítear sa 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú[6]. Tá cistí comhtháthaithe ar fáil d'údaráis náisiúnta chun na críche sin. Le linn na tréimhse 2014-2020, chuaigh cuid shuntasach de mhaoiniú CSE chun tacú le seirbhísí sláinte agus sóisialta agus sholáthair na háiseanna cúraim sláinte a tógadh nó a feabhsaíodh go dtí seo le tacaíocht CFRE seirbhís níos fearr do 53.3 milliún duine.

Cuirfidh ionsaí míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine brú breise ar chórais sláinte na mBallstát sna míonna atá romhainn. Maidir leis na milliúin duine arbh éigean dóibh teitheadh ón Úcráin, tá cuid mhaith díobh leochaileach agus tá cúram éigeandála de dhíth orthu, go háirithe maidir le tacaíocht mheabhairshláinte, cóireáil galar ainsealach agus gnáthchúram sláinte amhail vacsaíniú leanaí. Tá rochtain ar chúram sláinte de dhíth ar dhídeanaithe agus ar dhaoine easáitithe, lena n-áirítear vacsaínithe in aghaidh COVID-19 chomh maith le tacaíocht mheabhairshláinte agus tacaíocht shíceasóisialta.

Tá comhordú déanta ag an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha ar réimse leathan gníomhaíochtaí san Úcráin agus ina tíortha comharsanacha chun aghaidh a thabhairt ar na héigeandálaí sláinte a d'eascair as an gcogadh[7]. Mar shampla, bhunaigh an Coimisiún sásra dlúthpháirtíochta tiomnaithe Eorpach trínar féidir leis na Ballstáit tacaíocht a iarraidh chun othair a bhfuil cóireáil agus cúram ospidéil speisialaithe de dhíth orthu a aistriú. Tugann moltaí oibríochtúla ón ECDC[8] treoir freisin do Bhallstáit an Aontais agus do ghairmithe cúraim sláinte maidir le galair thógálacha a chosc agus a rialú sna cásanna sin, ionas gur féidir leanúint de ghnáthchláir vacsaínithe le haghaidh daoine easáitithe, chomh maith le vacsaíniú in aghaidh COVID-19 agus galair eile.

Tá grinnmheasúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún freisin ar bhagairtí sláinte a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo agus ar infhaighteacht agus ar inrochtaineacht frithbheart leighis chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais shonracha sláinte a d'eascair as ionradh na Rúise agus as an gcogadh reatha san Úcráin. An méadú ar líon na ndaoine vacsaínithe, lena n-áirítear i measc dídeanaithe, maolóidh sé sin an brú ar ár gcórais cúraim sláinte. Mar thoradh air sin, saorfar spás chun cabhrú le dídeanaithe atá gortaithe, dídeanaithe a bhfuil tinneas ainsealach orthu nó dídeanaithe a bhfuil tráma síceolaíoch orthu.

## 3. A BHEITH AR AN AIRDEALL

I bhfianaise na ndúshlán leanúnach sin, beidh an fhorbairt a thiocfaidh ar phaindéim COVID-19 agus an t-ualach a bheidh ar an tsochaí sna blianta atá le teacht ag brath ar na cinntí a dhéanaimid anois.

---

6 Teachtaireachtaí ón gCoimisiún maidir leis an 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú: Comhtháthú san Eoraip i dtreo 2050, COM(2022) 34 final.

7 Teachtaireacht ón gCoimisiún: Fáilte a chur rompu siúd atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin: an Eoraip a ullmhú chun freastal ar a gcuid riachtanas, COM(2022) 131 final.

8 https://www.ecdc.europa.eu/sites/default/files/documents/prevention-control-infectious-diseases-russia-aggression.pdf.

Ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as an tréimhse sin chun neartú a dhéanamh ar an bhfaireachas, ar na córais cúraim sláinte agus ar an ullmhacht fhoriomlán i leith paindéimí. Idir an dá linn, ba cheart do thaighdeoirí agus do mhonaróirí vacsaíní tús áite a thabhairt d'fhorbairt vacsaíní uilíocha a thugann cosaint ar na hathraithigh uile lena dtugtar cosaint níos fadtéarmaí ar ionfhabhtú. Chomh maith leis sin, is réimsí nach mór ár n-aird a dhíriú orthu iad forbairt teiripice in aghaidh COVID-19, atá dírithe go háirithe ar othair imdhíon-lagaithe atá ró-ionadaithe in aonaid dianchúraim, agus an gá leanúnach atá ann feabhas a chur ar rochtain ar vacsaíní agus teiripeacha in aghaidh COVID-19 ar fud an domhain.

***(i) Glacadh vacsaíní in aghaidh COVID-19 a mhéadú***


***Straitéisí vacsaínithe***

Tá punann leathan vacsaíní in aghaidh COVID-19 agus rochtain ar vacsaíní do chách faighte ag Straitéis an Aontais um Vacsaíní. Faoi láthair, i gcomhthéacs athraitheach Omicron, ba cheart díriú ar na teanndáileoga a rolladh amach, go háirithe le haghaidh na ngrúpaí is leochailí. Tá difríochtaí móra fós ann idir rátaí cumhdaithe vacsaínithe ar fud na mBallstát: cé go bhfuil rátaí arda bainte amach ag cuid acu, tá cuid eile acu ag titim ar gcúl go mór[9]. Ba cheart dúnadh na mbearnaí vacsaínithe i measc daoine fásta, laistigh de na Ballstáit agus eatarthu araon, a bheith mar thosaíocht i gcónaí.

[9] ECDC, tuarascáil forléargais de réir tíre, vacsaíniú, https://covid19-country-overviews.ecdc.europa.eu/vaccination.html.

**Glacadh carnach na vacsaíní i measc daoine atá os cionn 18 mbliana d'aois, seachtain 13 2022**

Luachanna AE/LEE bunaithe ar shonraí comhthiomsaithe ó 30 tír a thuairiscíonn
gur tugadh dáileog amháin ar a laghad agus le sonraí daonra atá ar fáil maidir leis an spriocghrúpa




I ráiteas comhpháirteach a d'fhoilsigh ECDC agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) an 6 Aibreán[10], deir gníomhaireachtaí an Aontais go bhfuil an ceathrú dáileog de vacsaíní mRNA fós á moladh do dhaoine aonair imdhíon-lagaithe, bunaithe ar an bhfianaise is déanaí atá ar fáil. Mar gheall ar leochaileacht daoine scothaosta (daoine fásta atá os cionn 80 bliain d'aois), ar an bhfreagairt imdhíonachta níos ísle atá acu ar an vacsaíniú agus ar an riosca níos airde atá ann maidir le fulaingt go dian le COVID-19, d'fhéadfaí an dara teanndáileog a thabhairt don ghrúpa sin 4 mhí ar a laghad tar éis an insteallta deiridh agus an staid eipidéimeolaíoch áitiúil á cur san áireamh.

Maidir le leanaí agus daoine óga, tá roinnt vacsaíní in aghaidh COVID-19 ceadaithe anois ar leibhéal an Aontais le haghaidh déagóirí (12-17 mbliana d'aois) agus le haghaidh leanaí (5-11 bhliain d'aois). Ar an iomlán, tá ráta ard vacsaínithe ann i measc déagóirí san Aontas Eorpach (e.g. tá an vacsaíniú príomhúil faighte ag níos mó ná 71 % de dhéagóirí idir 15-17 mbliana d'aois), ach tá sé fós ag leibhéil ísle i measc leanaí óga (e.g. tá an vacsaíniú príomhúil faighte ag níos lú ná 15 % de leanaí idir 5 agus 9 mbliana d'aois). Is tosaíocht i gcónaí é dúnadh na mbearnaí vacsaínithe i measc daoine fásta, ba cheart do Bhallstáit an Aontais breithniú a dhéanamh ar a n-iarrachtaí a neartú, ar iarrachtaí iad chun rátaí cumhdaithe vacsaínithe a mhéadú i measc leanaí óga.

---

10 https://www.ecdc.europa.eu/en/news-events/ema-ecdc-statement-fourth-covid-vaccine-dose.

Maidir lenár bpunann reatha vacsaíní[11], agus an rochtain ar vacsaíní oiriúnaithe i gcás inar gá amach anseo, cuireann sí réimse roghanna ar fáil do na Ballstáit maidir le straitéisí vacsaínithe a bheidh ann amach anseo. Ba cheart do na Ballstáit a bheith réidh chun dáileoga breise vacsaíní a rolladh amach roimh shéasúr an fhómhair/an gheimhridh. Beidh gá leis sin fianaise atá ag teacht chun cinn maidir le cosaint mhaolaitheach na vacsaíní agus an ionfhabhtaithe nádúrtha, an staid eipidéimeolaíoch agus teacht chun cinn athraitheach nua a chur san áireamh, chomh maith le forbairt vacsaíní nua agus a n-éifeacht ar ionfhabhtú agus ar tharchur breise. Thairis sin, caithfear ceisteanna tábhachtacha sláinte poiblí a fhreagairt, mar shampla, maidir le cinneadh a dhéanamh i dtaobh na dteaglamaí vacsaíní is fearr agus conas is fearr vacsaíní den chéad ghlúin eile a chomhtháthú sna sceidil vacsaínithe. Maidir le feachtais vacsaínithe le haghaidh thréimhse an fhómhair agus an gheimhridh, ní mór go gcuirtear san áireamh comhleathadh COVID-19 agus an fhliú shéasúraigh.

**PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ LE hAGHAIDH NA mBALLSTÁT**

- Iarrachtaí a neartú chun glacadh an vacsaínithe phríomhúil a mhéadú i measc daoine gan vacsaíniú agus daoine atá vacsaínithe go páirteach, agus an vacsaíniú príomhúil sin a chríochnú, lena n-áirítear trí fhaireachán agus anailís leanúnach a dhéanamh ar an drogall roimh an vacsaíniú chun an drogall sin a shárú.
- Iarrachtaí a mhéadú maidir le glacadh na dteanndáileog ag gach duine fásta incháilithe, ag tosú ó thrí mhí tar éis an vacsaínithe phríomhúil.
- Roimh thús na scoilbhliana 2022-2023, smaoinigh ar straitéisí chun rátaí cumhdaithe vacsaínithe a mhéadú i measc leanaí óga, e.g. trí bheith ag obair le péidiatraiceoirí agus gairmithe sláinte eile atá ina bhfoinsí iontaofa faisnéise le haghaidh go leor tuismitheoirí.
- An ceathrú dáileog a áirithiú le haghaidh daoine aonair imdhíon-lagaithe agus an dara teanndáileog le haghaidh daoine atá os cionn 80 bliain d'aois a mheas, agus an staid eipidéimeolaíoch áitiúil á cur san áireamh.
- Straitéisí um vacsaíní in aghaidh COVID-19 a ullmhú le haghaidh shéasúr an fhómhair/an gheimhridh, agus vacsaíniú COVID-19 a ionchorprú i gcláir vacsaínithe náisiúnta amhail ón mbliain 2023.
- Feasacht ar na feachtais bhliantúla vacsaínithe le haghaidh an fhliú shéasúraigh a mhéadú agus a áirithiú go méadófar na feachtais vacsaínithe go tapa i measc na ndaoine is leochailí.

### *(ii) Faireachas agus bailiú faisnéise trí thástáil agus seicheamhú*

*Córais faireachais chomhtháite*

Níor cheart cuspóir an fhaireachais a bheith bunaithe a thuilleadh ar shainaithint agus ar thuairisciú na gcásanna go léir, ach ar mheastacháin iontaofa a fháil ar dhéine an tarchuir chomhphobail, ar thionchar na galar tromchúiseach agus ar éifeachtacht na vacsaíní.

Comhaontaíonn ECDC, in éineacht leis an EDS, go bhfuil gá le forbairt a dhéanamh ar na córais faireachais atá ann cheana le haghaidh an fhliú shéasúraigh agus ionfhabhtuithe riospráide eile chun na spriocanna sin a bhaint amach. Ba cheart do na Ballstáit straitéisí a fhorbairt chun córais faireachais atá bunaithe ar chúram príomhúil fairtheora agus ar chúram tánaisteach fairtheora a athbhunú[12] le haghaidh géar-ionfhabhtuithe riospráide, agus leas á bhaint as digitiú na faisnéise

[11] Faoi láthair, tá trí theicneolaíocht éagsúla vacsaíne ar fáil. Leis an vacsaín de chuid Valneva, ní fada go mbeidh an tAontas in ann an ceathrú teicneolaíocht vacsaíne a thairiscint dá shaoránaigh.

[12] Is éard atá i gceist leis an bhfaireachas fairtheora 'monatóireacht a dhéanamh ar ráta scaipthe galar/fadhbanna sláinte sonracha trí líonra deonach dochtúirí, saotharlann agus ranna sláinte poiblí d'fhonn cobhsaíocht nó athrú i leibhéil sláinte daonra a mheas.

sláinte. Ba cheart é sin a chomhlánú trí chórais faireacháin eile a neartú, amhail faireachas fuíolluisce a dhéanamh ar SARS-CoV-2 agus ionfhabhtuithe eile (e.g. póilióivíreas, víris an fhliú nó frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach).

Tá gá leanúnach freisin lena áirithiú go mbaileofar samplaí leordhóthanacha chun monatóireacht a dhéanamh ar thréithchineálacha víreas chun athraithigh nua a bhrath. Tacóidh an Coimisiún le hiarrachtaí den sórt sin tríd an gclár EU4Health agus tríd an Údarás Eorpach um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA) agus i gcomhar le ECDC. Ba cheart go n-áiritheofaí leis na hiarrachtaí sin go roinnfear gach seicheamh trí ardáin rochtana oscailte, amhail an tairseach sonraí COVID-19[13], chun tuiscint mhaith ar athraithigh SARS-CoV-2 atá á scaipeadh san Eoraip a éascú.

Cabhróidh sé sin chun bagairtí ardtionchair a shainaithint mar aon leis na bearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hinfhaigheacht agus inrochtaineacht frithbheart leighis ábhartha.

**PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ LE hAGHAIDH NA mBALLSTÁT**

- Córais chomhtháite faireachais a bheidh ar fáil ar feadh na bliana go léir a chur ar bun, a luaithe is féidir, maidir le géarthinnis riospráide (faireachas ar COVID-19, ar an bhfliú agus ar víris eile riospráide a chomhtháthú), ar córais iad a bheidh inbhuanaithe, ionadaíoch agus bunaithe ar chritéir choiteanna maidir le sainaithint cásanna agus straitéisí tástála san Aontas agus lena nascfar cleachtóirí ginearálta, ospidéil, saotharlanna
- Teacht ar chomhaontú, le tacaíocht ECDC, ar chritéir choiteanna maidir le sainaithint cásanna agus straitéisí tástála san Aontas.
- Leanúint de shonraí iontaofa tráthúla a bhailiú agus a roinnt le ECDC ó chórais faireachais chomhtháite[14] agus ó chórais faireachais dhaonra-bhunaithe chun faireachán a dhéanamh ar ospidéalú agus básanna de dheasca COVID-19.
- Úsáid a bhaint as córais chomhlántacha faireachais, amhail faireachán fuíolluisce, chun borrthaí in ionfhabhtuithe COVID-19 a bhrath. Úsáid iomlán a bhaint as tacaíocht airgeadais an Aontais chun faireachas córasach SARS-CoV-2 i bhfuíolluisce a chur ar bun nó a threisiú.

**TIONSCNAIMH AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN AONTAIS**

- Treoróidh ECDC an t-aistriú ó fhaireachas éigeandála cuimsitheach COVID-19 de chuid AE/LEE chuig gnáthchórais faireachais chomhtháite inbhuanaithe ionadaíocha maidir le géarthinnis riospráide agus géarthinnis throma riospráide (COVID-19, an fliú agus víris eile riospráide a chomhtháthú).
- Leanfaidh an Sainghrúpa Eorpach maidir le hathraithigh SARS-CoV-2 de chomhairle a chur ar fáil maidir le forbairt agus úsáid fhéideartha vacsaíní atá oiriúnaithe d'athraithigh nua atá ag teacht chun cinn.
- Le linn 2022-2023, forbróidh HERA córas TF úrscothach lena gcruthófar léargais inghníomhaithe don chinnteoireacht i ndáil le frithbhearta leighis, le linn na céime ullmhachta agus na céime géarchéime araon, lena gcomhlánófar na córais atá ann cheana.
- Déanfaidh HERA, i gcomhar le ECDC, líonra saotharlann SARS-CoV-2 de chuid ECDC a neartú chun staidéir a dhéanamh ar shaintréithriú athraitheach atá ag teacht chun cinn, agus ar a dtionchar ar éifeachtacht na vacsaíní agus na teiripice.

---

[13] Tairseach Sonraí COVID-19: https://www.covid19dataportal.org/.

[14] Amhail córais faireachais chomhtháite SARI (géar-ionfhabhtuithe troma riospráide), ILI (ionfhabhtuithe atá cosúil le fliú), nó ARI (géar-ionfhabhtuithe riospráide).

- Déanfaidh HERA, i gcomhar le ECDC agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta, bagairtí mórthionchair a shainaithint agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí maidir le hinfhaighteacht agus inrochtaineacht frithbheart leighis ábhartha
- Tabharfaidh an Coimisiún tacaíocht do na Ballstáit, tacaíocht ar fiú suas le EUR 20 milliún í, tríd an gclár EU4Health chun córais faireachais chomhtháite chomhordaithe a bhunú faoi chur chuige na hAon Sláinte Amháin maidir le pataiginí trasteorann[15].

***Tástáil agus seicheamhú géanóim iomláin***

Ba cheart tástáil dhiagnóiseach spriocdhírithe a chur i bhfeidhm. Ba cheart a áireamh sna grúpaí tosaíochta le haghaidh tástáil spriocdhírithe, mar shampla, daoine i dtimpeallachtaí ráige chun críoch srianta nó maolaithe, daoine a bhfuil riosca ann go mbeidís ag fulaingt go géar le COVID-19 agus a mbíonn teiripic ag teastáil uathu, agus daoine a bhíonn i dteagmháil rialta le pobail leochaileacha, amhail oibrithe cúraim sláinte i dtimpeallachtaí géarchúraim agus i dtimpeallachtaí cúraim fhadtéarmaigh.

Tá mearthástálacha antaiginí á n-úsáid ag na Ballstáit chun acmhainneacht fhoriomlán tástála na dtíortha a neartú tuilleadh, go háirithe i gcás acmhainneachtaí tástála PCR teoranta nó i gcás ina mbíonn amanna slánaithe tástála níos tapúla ag teastáil mar gheall ar riachtanais chliniciúla. Sa chomhthéacs sin, chuir Coiste Slándála Sláinte an Aontais meitheal theicniúil thiomnaithe ar bun chun liosta coiteann AE a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta maidir le mearthástálacha antaiginí[16] a chomhlíonann critéir feidhmíochta shonracha i ndáil le SARS-CoV-2 a bhrath.

**PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ NA mBALLSTÁT**

- Acmhainneachtaí leordhóthanacha tástála agus rianaithe teagmhála a bheith i bhfeidhm acu, agus plean a bheith acu chun straitéisí tástála náisiúnta a mhéadú, nuair is gá.
- Ullmhacht le haghaidh mearfhreagartha a áirithiú i gcás ráigeanna náisiúnta nó áitiúla ina dtugtar freagairtí beartais de chineál baraiméadair[17].
- Leanúint d'fhorbairt acmhainneachta le haghaidh seirbhísí saotharlainne i dtaca le seicheamhú agus saintréithriú víris, lena n-áirítear tuairisciú sonraí maidir le hardáin rochtana oscailte, agus faireachas víreasach gan bhriseadh a áirithiú.
- Athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh ar chaighdeáin sábháilteachta saotharlainne bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí COVID-19, mar bhonn eolais faoin athbhreithniú riachtanach, agus trí chaighdeáin bhithshábháilteachta a neartú.
- Leanúint de thástáil straitéiseach atá nasctha le seicheamhú géanómaíoch ionadaíoch agus spriocdhírithe (de réir threoraíocht ECDC[18]), a bheith in ann faireachán a dhéanamh ar theacht chun cinn agus scaipeadh athraitheach víris.

[15] Mar shampla: *"Direct grants to Member States' authorities: setting up a coordinated surveillance system under the One Health approach for cross-border pathogens that threaten the Union"*; [Deontais dhíreacha d'údaráis na mBallstát: córas faireachais comhordaithe a bhunú faoi chur chuige na hAon Sláinte Amháin maidir le pataiginí trasteorann a chuireann an tAontas i mbaol'] (CP-g-22-04.01); 'Gníomhaíocht chomhpháirteach maidir le Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta Neartaithe agus Ullmhacht san Aontas (SHARP)': https://sharpja.eu/; agus an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach um Fhaireachas Comhtháite.

[16] An Mheitheal Theicniúil um thástálacha diagnóiseacha COVID-19, https://ec.europa.eu/health/health-security-and-infectious-diseases/crisis-management/covid-19-diagnostic-tests_en.

[17] Is freagairtí beartais réamh-shainithe intuartha iad sin a chuirtear chun feidhme bunaithe ar thairseacha eipidéimeolaíocha, lena soláthraítear creat chun bearta freagartha ar COVID-19 a choigeartú.

### *(iii) Ullmhacht i leith sláinte poiblí agus bearta freagartha*

***Pleanáil ullmhachta***

Is léir ón bhfianaise go bhfuil idirghabhálacha neamhchógaisíochta, amhail caitheamh masc, aeráil agus scaradh fhisiciúil, éifeachtach chun scaipeadh COVID-19 a mhoilliú, má chuirtear chun feidhme iad go luath agus go cuimsitheach agus má ghlacann an tsochaí leo. Ba cheart pleananna a bheith ag na Ballstáit idirghabhálacha den sórt sin a thabhairt isteach arís go tapa agus go héifeachtach más gá sin de bharr na staide eipidéimeolaíochta náisiúnta nó áitiúla, agus é mar aidhm grúpaí agus timpeallachtaí leochaileacha a chosaint, amhail ospidéil agus saoráidí cúraim fhadtéarmaigh. Ba cheart tuilleadh sineirgí a fhorbairt le straitéisí sábháilteachta ceirde agus sláinte chun oibrithe a chosaint agus leanúnachas gnó a áirithiú[19]. Ba cheart pleananna soiléire a bheith i bhfeidhm freisin chun bainistiú a dhéanamh ar timpeallachtaí oideachais má thagann athraitheach nua chun cinn, ní hamháin chun teorainn a chur le tarchur breise i measc aoisghrúpaí óga agus le tarchur breise chuig pobail leochaileacha, ach chun dúnadh scoileanna agus a dtionchar ar oideachas agus ar fholláine leanaí a theorannú freisin.

Is limistéar é an aeráil taobh istigh ina bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí. Tarlaíonn tarchur SARS-CoV-2 in áiteanna taobh istigh go príomha, go háirithe nuair a bhíonn droch-aeráil ann. Ba cheart do na Ballstáit úsáid feistí a bhfuil scagairí ardcháilíochta iontu[20] a mheas, go háirithe i scoileanna, agus i dtimpeallachtaí ardriosca agus i suíomhanna ceirde.

**PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ NA mBALLSTÁT**

- Éifeachtacht, éifeachtúlacht costais agus inghlacthacht shóisialta na n-idirghabhálacha neamhchógaisíochta a cuireadh chun feidhme go dtí seo a athbhreithniú, roimh fhómhar 2022, agus pleananna teagmhasacha a ullmhú chun bearta sláinte poiblí a thabhairt isteach an athuair más gá chun teorainn a chur le tionchar athraitheach nua SARS-CoV-2.
- Acmhainneacht an chórais náisiúnta cúraim sláinte a fheabhsú nó a chothabháil chun déileáil le líon méadaitheach cásanna de COVID-19 agus/nó den fhliú séasúrach, lena n-áirítear acmhainneacht ospidéal/aonad dianchúraim agus soláthairtí leordhóthanacha de threalamh cosanta pearsanta, vacsaíní agus teiripic.
- Moltaí nuashonraithe a fhoilsiú maidir le maisc aghaidhe a úsáid i dtimpeallachtaí ar leith chun daoine leochaileacha a chosaint a bhfuil an riosca ann go mbeidís ag fulaingt go géar le COVID-19, amhail daoine aosta agus daoine a bhfuil fadhbanna sláinte acu.
- Cur go tapa le cáilíocht an aeir taobh istigh le haeráil chuí, go háirithe sna spásanna sin a dtugann go leor daoine cuairt orthu, a bhfuil cónaí ar go leor daoine iontu nó a oibríonn go leor daoine iontu, amhail áiseanna cúraim sláinte agus scoileanna.
- Comhordú idir an tsláinte phoiblí agus na húdaráis sábháilteachta agus sláinte ag an obair a neartú, lena n-áirítear pleananna ullmhachta a tharraingt suas le haghaidh géarchéimeanna sláinte amach anseo i straitéisí náisiúnta sábháilteachta agus sláinte ceirde.

---

[18] ECDC, Treoraíocht maidir le faireachán ionadaíoch agus spriocdhírithe ar SARS-CoV-2, https://www.ecdc.europa.eu/en/publications-data/guidance-representative-and-targeted-genomic-sars-cov-2-monitoring.

[19] Ceann de na trí phríomhchuspóir trasearnála a bunaíodh i gCreat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair 2021-2027, COM(2021) 323 final, is ea ullmhacht a mhéadú i ndáil le haon ghéarchéim sláinte a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

[20] Mar shampla, gairis glanta aeir neamhspleácha atá feistithe le scagairí HEPA (ionsú ardéifeachtúil cáithníneach) nó scagairí a bhfuil éifeachtúlacht inchomparáide acu le córais ionradaíochta ginidínigh ultraivialait (UVGI), gairis i nduchtanna atá i gcórais téimh, aerála agus aerchóirithe nó gairis a chuirtear ard go leor i seomraí (UVGI uachtaracha).

- Cleachtais maidir le cosc agus rialú ionfhabhtaithe, na cleachtais sin a bharrfheabhsú agus infheistíocht a dhéanamh iontu i dtimpeallachtaí géarchúraim agus i dtimpeallachtaí cúraim fhadtéarmaigh araon, e.g. trí infhaighteacht acmhainní daonna oilte leordhóthanacha agus ábhar a áirithiú, amhail trealamh cosanta pearsanta.

***Bearta taistil laistigh den Aontas agus bearta idirnáisiúnta taistil***

D'éirigh go maith le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais chun uirlis a chur ar fáil do shaoránaigh a nglactar léi agus a bhfuil muinín ag daoine aisti ar fud an Aontais. Chuir sé cosc ar chóras ilroinnte ina mbeadh deimhnithe náisiúnta éagsúla. Tá córas Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais solúbtha go leor chun go ndéanfar é a oiriúnú, más gá, d'fhorbairtí a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo agus d'fhianaise nua eolaíoch.

Ina theannta sin, bunaithe ar dhlíthe náisiúnta, d'úsáid roinnt Ballstát Deimhniú Digiteach COVID an Aontais ar an leibhéal intíre mar bhealach chun scaipeadh COVID-19 a shrianadh, mar shampla trína cheangal ar dhaoine deimhniú a bheith acu chun rochtain a fháil ar imeachtaí cultúrtha, ar iompar poiblí agus ar áiteanna oibre. Ina theannta sin, tá 37 dtír agus críoch nach bhfuil san Aontas Eorpach tar éis dul isteach i gcóras Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais agus chuir roinnt tíortha in iúl go bhfuil spéis acu ann nó tá tús curtha acu leis an nós imeachta chun páirt a ghlacadh ann, rud a fhágann gur caighdeán domhanda é.

Tá sé léirithe go bhfuil córas Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais ríthábhachtach don téarnamh eacnamaíoch agus don mhalartú cultúrtha agus sóisialta thar theorainneacha an Aontais.

Mar a tugadh le fios i Moladh (AE) 2022/107 ón gComhairle[21], ba cheart deireadh a chur le haon srian ar shaorghluaiseacht a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagairt ar an bpaindéim, i gcomhréir le prionsabal an riachtanais agus na comhréireachta, a luaithe is féidir sin i bhfianaise na staide eipidéimeolaíche. Mar thoradh air sin, ní éilíonn go leor Ballstát a thuilleadh ar thaistealaithe laistigh den Aontas deimhnithe COVID-19 a thaispeáin, ná ní fhorchuireann siad srianta eile taistil. Molann an Coimisiún do Bhallstáit eile, go háirithe na Ballstáit sin a chuireann deireadh le bearta sláinte poiblí intíre den chineál céanna, deireadh a chur leis na srianta taistil sin i gcás nach bhfuil aon ghá leis ó thaobh na sláinte poiblí de.

Tugadh isteach Deimhniú Digiteach COVID an Aontais mar bheart sealadach ar feadh bliain amháin ar dtús. Mar sin féin, ós rud é nach féidir a chur as an áireamh go measfaidh na Ballstáit gur gá é a thabhairt isteach arís le linn na bliana atá le teacht, ghlac an Coimisiún togra chun síneadh a chur le bailíocht an Rialacháin maidir le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais go dtí an 30 Meitheamh 2023[22]. Is é is aidhm don togra a áirithiú go mbeidh an córas seanbhunaithe fós ar fáil i gcás ina mbeidh sé ag teastáil i bhfianaise na staide eipidéimeolaíche.

Ina theannta sin, i gcomhthéacs an taistil ó thríú tíortha, i mí an Mheithimh 2020, ghlac an Chomhairle cur chuige comhordaithe maidir le taisteal chuig an Aontas[23], cur chuige a leasaíodh trí huaire ó shin. Sa leasú deireanach, a glacadh an 22 Feabhra 2022, déantar foráil gur cheart do na Ballstáit deireadh a chur leis an srian sealadach ar thaisteal neamhriachtanach isteach san Aontas do dhaoine atá vacsaínithe le vacsaín atá formheasta ag an Aontas nó ag an Eagraíocht Dhomhanda

[21] Moladh (AE) 2022/107 ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 maidir le cur chuige comhordaithe chun saorghluaiseacht shábháilte a éascú le linn phaindéim COVID-19 agus a chuirtear in ionad Mholadh (AE) 2020/1475 (IO L 18, 27.1.2022, lch. 110).

[22] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_22_744.

[23] Ar bhonn Mholadh 2020/912 ón gComhairle maidir leis an srian sealadach ar thaisteal neamhriachtanach chuig an Aontas agus maidir leis an bhféidearthacht deireadh a chur leis an srian sin.

Sláinte agus do dhaoine a théarnaigh ó COVID-19 roimh thaisteal go dtí an tAontas Eorpach. Maidir le Deimhnithe Digiteacha COVID-19 an Aontais agus deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag tríú tíortha a mheastar a bheith coibhéiseach le Deimhnithe Digiteacha COVID an Aontais, ba cheart iad a úsáid mar phríomh-mhodh chun tástáil agus vacsaíniú a chruthú, agus mar an t-aon mhodh amháin chun téarnamh a chruthú, ós rud é gur féidir iad a fhíorú go daingean.

Ar deireadh, ba cheart na hiarrachtaí chun acmhainneachtaí rianaithe teagmhála na mBallstát maidir le paisinéirí trasteorann a neartú a thuilleadh, i gcás inar gá agus inar comhréireach. Na torthaí ó chuíchóiriú Foirmeacha Digiteacha Aimsithe Paisinéirí, idir úsáid theimpléad digiteach an Aontais agus úsáid fheidhmchlár an Aontais a chur chun cinn agus malartú éifeachtach sonraí paisinéirí a chumasú i measc na mBallstát, is torthaí iad sin a éascaíonn tuilleadh simplithe agus feabhsuithe.

**PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ NA mBALLSTÁT AGUS PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ PHARLAIMINT NA hEORPA**

- Deireadh a chur leis an gceanglas ar thaistealaithe Deimhnithe Digiteacha COVID an Aontais a thaispeáint a luaithe is féidir sin i bhfianaise na staide eipidéimeolaíche, agus go háirithe nuair a bheidh deireadh á chur le bearta intíre comhchosúla.
- A áirithiú go nglacfar an togra ón gCoimisiún chun cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais a leathnú.
- Deireadh a chur leis na srianta maidir le taisteal laistigh den AE agus isteach ann, a luaithe is féidir sin i bhfianaise na staide eipidéimeolaíche agus, go háirithe, nuair a bheidh deireadh á chur le bearta intíre comhchosúla.
- A bheith comhpháirteach san ardán malartaithe Foirmeacha Aimsithe Paisinéirí, rud a éascóidh an obair go mór i gcás ina mbeidh rianú teagmhálaithe paisinéirí trasteorann ina thosaíocht arís mar gheall ar an staid eipidéimeolaíoch. Leaganacha digiteacha a ghlacadh chun na críche sin, teimpléad agus feidhmchlár Fhoirm Dhigiteach Aimsithe Paisinéirí an Aontais más féidir.

### *(iv) Vacsaíní, teiripic agus trialacha cliniciúla COVID-19*

#### *Vacsaíní COVID-19*

Cuirfear an dara glúin de vacsaíní ar fáil de réir a chéile, lena gcuirfear roghanna breise agus b'fhéidir níos éifeachtaí ar fáil, lena n-áirítear cosaint níos leithne, níos láidre, níos faide nó níos fearr ar ionfhabhtú nó ar tharchur. Leanfaidh an Coimisiún, ina chuid oibre trí HERA, agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach, i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais, lena n-áirítear an Chomhghuaillíocht um Nuálaíocht maidir le hUllmhacht d'Eipidéimí, de bheith ag obair le forbróirí vacsaíní chun cur chuige comhordaithe a áirithiú don dara glúin de vacsaíní lena bhfreastalófar ar riachtanais na mBallstát. Thairis sin, faoi láthair, tá roinnt forbróirí vacsaíní ag obair ar chomhvacsaíní in aghaidh COVID-19 agus i gcoinne an fhliú shéasúraigh. Dá n-éireodh leo, d'fhéadfadh na vacsaíní sin a bheith ina n-uirlis chumhachtach ag na Ballstáit.

Tabharfaidh an Coimisiún agus EMA aghaidh ar aon solúbthacht rialála agus aon simpliú is gá le haghaidh na chéad ghlúine eile agus le haghaidh vacsaíní uilíocha i gcoinne COVID-19, trí fhorbairt a dhéanamh ar na hathruithe a rinneadh cheana féin ar an gcreat rialála[24] agus ar na treoirdhoiciméid atá ann cheana[25].

---

24 Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/756 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1234/2008 maidir le hathruithe ar théarmaí na n-údaruithe margaíochta do tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus do tháirgí íocshláinte tréidliachta a scrúdú, IO L 162, 10.5.2021, lgh. 1-3.

25 https://ec.europa.eu/health/system/files/2021-09/guidance_regulatory_covid19_en_0.pdf.

De bharr a fheabhas a d'éirigh le Straitéis an Aontais um vacsaíní in aghaidh COVID-19, tá soláthar cobhsaí intuartha vacsaíní ann, rud a fhágann go bhfuil carnadh dáileoga nár úsáideadh ann nuair a chuirtear san áireamh anuas air sin go bhfuil léibheann sroichte i ndáil leis na ráta glactha vacsaínithe. Dá bhrí sin, tá fócas an Choimisiúin agus na mBallstát ag díriú anois ar oibriú go dlúth le monaróirí chun an soláthar agus an t-éileamh a ailíniú ar an mbealach is fearr is féidir.

**TIONSCNAIMH AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN AONTAIS**

- Straitéis a fhorbairt maidir leis an gcéad ghlúin eile de vacsaíní COVID-19, straitéis lena spreagfar comhordú idir gníomhaithe na sláinte poiblí, saineolaithe agus taighdeoirí i ndáil leis sin.
- Tacú le tionscadail chun an chéad ghlúin eile de vacsaíní a fhorbairt faoi chuimsiú chlár oibre Fhís Eorpach 2022[26].
- Vacsaíní a bhfuil gealladh fúthu a shainaithint le haghaidh na chéad ghlúine eile de vacsaíní COVID-19 agus leas a bhaint as na hionstraimí uile atá ar fáil chun tacú lena bhforbairt.
- Taighde ar fhoirmlithe nua vacsaíní agus infheistíocht i mbonneagair den chéad scoth a chur chun cinn.
- Leanúint de bheith ag obair le forbróirí vacsaíní agus comhpháirtithe idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar charnadh na ndáileoga vacsaíne nár úsáideadh.

***Teiripic COVID-19***

Is é is aidhm do Straitéis an Aontais maidir le teiripic COVID-19[27] punann leathan táirgí teiripeacha COVID-19 a fhorbairt atá sábháilte agus éifeachtach. Clúdaíonn sé saolré iomlán na gcógas, ón taighde, an fhorbairt, roghnú na n-iarrthóirí a bhfuil gealladh fúthu, formheas rialála tapa, monaraíocht agus imscaradh go dtí an úsáid deiridh. Go dtí seo, údaraíodh ocht dtáirge theiripeacha COVID-19 de chatagóirí éagsúla lena dtugtar aghaidh ar chéimeanna agus ar leibhéil déine éagsúla an ghalair, táirgí atá oiriúnach lena n-úsáid sa bhaile nó san ospidéal.

Tá an Coimisiún ag tacú leis na Ballstáit rochtain a bheith acu ar theiripic agus tá ceithre Chreatchonradh curtha i gcrích aige a d'áirithigh go bhfuil teiripic ar fáil i roinnt Ballstát.

Tá tús áite á tabhairt ag an gCoimisiún freisin don obair ar tháirgí teiripeacha nua, lena n-áirítear tríd an sainghrúpa um theiripic COVID-19, foghrúpa de chuid an tsainghrúpa Eorpaigh um athraitheacha SARS-CoV-2. Leanfaidh sé ar aghaidh leis an obair atá ar bun aige maidir le táirgí teiripeacha a bhfuil gealladh fúthu, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, chun na cinn a d'fhéadfadh na tairbhí is mó a dhéanamh d'othair a shainaithint.

B'fhearr go mbeadh sé ní b'éasca táirgí teiripeacha nua a stóráil agus a thabhairt. D'fhéadfadh sé sin a bheith an-tábhachtach ó thaobh úsáid i dtíortha ar ioncam íseal agus, ar an gcaoi sin, rachadh sé sin chun tairbhe do na n-iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar COVID-19 ar an leibhéal domhanda. I gcomhthráth leis an obair ar theiripic nua, is gá faireachas a dhéanamh ar an bhfrithsheasmhacht víreasach (e.g. antasubstaint mhonaclónach nó drugaí frithvíreasacha) chun teiripí iomchuí a roghnú agus chun faireachán a dhéanamh ar scaipeadh víreas frithsheasmhach sa phobal. Dá bhrí sin, tá faireachas ar theacht chun cinn féideartha na frithsheasmhachta frithvíreasaigh ríthábhachtach le linn phaindéim COVID-19.

[26] https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/opportunities/topic-details/horizon-hlth-2022-disease-06-03-two-stage.

[27] Teachtaireacht ón gCoimisiún: Straitéis an Aontais maidir le teiripic COVID-19, COM(2021) 355 final/2.

| TIONSCNAIMH AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN AONTAIS |
|---|
| ➢ Oibriú leis na Ballstáit chun tosaíochtaí a shainaithint maidir le Soláthar Comhpháirteach breise i ndáil le teiripic agus chun an comhtháthú le próisis seanbhunaithe náisiúnta agus AE a neartú.<br>➢ Measúnú comhordaithe ar chomhdhúile teiripeacha nua a chumasú tuilleadh i dtrialacha oiriúnaitheacha ardán Eorpacha ar mhórscála, tríd an sásra comhairleach um rochtain chomhpháirteach.<br>➢ Taighde agus forbairt a chothú le haghaidh theiripic COVID-19. Féachfaidh HERA ar na féidearthachtaí atá ann chun tacú le tionscadail lena ndírítear ar fhorbairt drugaí frithvíreasacha. |

***Trialacha cliniciúla***

Mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar an ngá atá le vacsaíní agus táirgí teiripeacha nua a fhorbairt, tá trialacha cliniciúla tar éis éirí níos tábhachtaí ná riamh. Meastar gurb iad mórthrialacha cliniciúla ilnáisiúnta an cur chuige is fearr chun fianaise chliniciúil leordhóthanach a ghiniúint laistigh den tréimhse ama is giorra le haghaidh cinntí rialála. Léirigh paindéim COVID-19 go bhfuil gá le nós imeachta níos tapa agus níos láidre chun formheas comhordaithe a fháil ó na Ballstáit ar thrialacha cliniciúla ilnáisiúnta chun an ilroinnt a sheachaint, i gcás ina mbeidh trialacha beaga aon-náisiúnta in iomaíocht le haghaidh na n-acmhainní agus na bpobal othar céanna.

Chun trialacha ilnáisiúnta ar mhórscála maidir le COVID-19 a chumasú san Eoraip, agus aghaidh á tabhairt ar riachtanais shonracha sláinte poiblí ár mór-roinne, bunaíodh dhá líonra trialacha cliniciúla Eorpacha faoi Fhís 2020: Ceann amháin le haghaidh teiripice agus ceann amháin le haghaidh vacsaíní. Ina theannta sin, tacaíonn an sásra comhairleach um rochtain chomhpháirteach le húsáid éifeachtúil acmhainní idir na trialacha agus seachnaítear an dúbláil iarrachtaí. Ar an líonra trialach vacsaíní tá trialacha vacsaíní atá dírithe ar an tsláinte phoiblí i measc daoine scothaosta, daoine fásta i gcoitinne agus leanaí[28]. Thairis sin, i mí Eanáir 2022, sheol an Coimisiún Eorpach, EMA agus Ceannairí Gníomhaireachtaí Leigheasra an tionscnamh 'ACT AE' lena dtugtar le chéile páirtithe leasmhara taighde cliniciúla chun trialacha cliniciúla níos mó, níos tapúla agus níos fearr a chumasú[29].

Tá formheas mear na dtrialacha cliniciúla ar mhórscála san Aontas mar chuid de Straitéis an Aontais maidir le teiripic COVID-19[30], agus seoladh gníomhaíocht chomhpháirteach chun measúnú agus formheas mear na dtrialacha ilnáisiúnta maidir le teiripic COVID-19 a chur chun feidhme. Thairis sin, leathnaíodh inniúlacht tascfhórsa éigeandála EMA chun tacaíocht a thabhairt do chomhar idir urraitheoirí chun trialacha ardán ar mhórscála a chumasú in éigeandálaí sláinte poiblí.

Mar ghníomhaithe domhanda, cuireann rialtóirí Eorpacha leis an athbhreithniú leanúnach ar an treoirlíne maidir le Dea-Chleachtas Cliniciúil na Comhairle Idirnáisiúnta um Chomhchuibhiú Ceanglas Teicniúil i ndáil le hEarraí Cógaisíochta atá le hÚsáid ag an Duine agus tacaíonn siad leis an obair laistigh de Chomhghuaillíocht Idirnáisiúnta na nÚdarás Rialála Leigheasra chun inghlacthacht idirnáisiúnta trialacha ardán ar mhórscála a éascú ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar éigeandálaí sláinte[31].

---

28 EU-COVAT-1 AGED, EU-COVAT-2 BOOSTAVAC agus EU-COVPT-1 CoVacc

29 https://ec.europa.eu/health/system/files/2022-01/medicinal_accelerating-clinical-trials-eu_en.pdf.

30 Cruinniú Tionscnaimh, an 3 Feabhra 2022: https://ec.europa.eu/health/events/joint-action-support-coordinated-and-expedited-assessment-clinical-trials-covid-19-therapeutics_en.

31 https://www.thelancet.com/journals/laninf/article/PIIS1473-3099(22)00061-5/fulltext.

**TIONSCNAIMH AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN AONTAIS**

- An acmhainneacht náisiúnta a neartú i dtíortha AE/LEE chun taighde a dhéanamh agus chun bheith rannpháirteach i dtrialacha cliniciúla ilnáisiúnta le linn géarchéime; ba cheart tosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme tráthúil trialacha ilstát Eorpacha.
- Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme iomlán agus tráthúil an Rialacháin maidir le Trialacha Cliniciúla, agus Príomhtháscairí Feidhmíochta a fhorbairt agus a fhoilsiú go rialta.
- Tacú le stiúradh comhordaithe comhchuibhithe na dtrialacha teiripice COVID-19 atá maoinithe ag an Aontas faoin Rialachán maidir le Trialacha Cliniciúla, mar aon leis an bhformhaoirseacht rialála ar na trialacha sin.
- An tionscnamh ACT-AE a chur chun feidhme chun trialacha cliniciúla a chuireann fianaise ar fáil don chinnteoireacht a neartú, lena n-áirítear maidir le vacsaíní agus táirgí teiripeacha le haghaidh géarchéimeanna sláinte poiblí agus paindéimí.
- An Ghníomhaíocht Chomhpháirteach EU4Health a chur chun feidhme le haghaidh formheas mear ar thrialacha maidir le teiripic COVID-19 agus nós imeachta comhchuibhithe a fhorbairt maidir le measúnú brostaithe comhordaithe ar iarratais ar thrialacha cliniciúla idir na Ballstáit i gcás éigeandálaí amach anseo.

***(v) Slabhraí soláthair athléimneacha le linn na paindéime***

Cé go bhfuil an acmhainneacht táirgeachta vacsaíní ag freastal ar an éileamh faoi láthair, tá gá fós le faireachas maidir le scrogaill sa slabhra soláthair, ní hamháin le haghaidh vacsaíní, ach le haghaidh frithbhearta leighis eile agus a n-ábhair ionchuir freisin. Leantar den chomhar le comhpháirtithe domhanda, amhail trí Thascfhórsa Comhpháirteach AE-SAM maidir le Slabhraí Monaraíochta agus Soláthair i dtaca le COVID.

Ina theannta sin, chun cuid den acmhainneacht táirgeachta nua-chruthaithe san Aontas a choinneáil ar bun le haghaidh éigeandálaí sláinte amach anseo, tá an Coimisiún tar éis seoladh EU FAB a fhógairt inniu, líonra d'acmhainneacht táirgeachta vacsaíní seasta.[32]. Tá an nós imeachta soláthair á sheoladh ag an gCoimisiún chun a áirithiú go ndéanfar acmhainneachtaí monaraíochta leordhóthanacha le haghaidh cineálacha éagsúla vacsaíní a choinneáil ag feidhmiú agus chun a áirithiú gur féidir iad a chur i ngníomh go héasca le linn géarchéime.

Lasmuigh den éiceachóras tionsclaíoch sláinte, tá gá le tuilleadh forairdill freisin ar thionchar na gcéad chéimeanna eile den phaindéim ar dhúshláin soláthair in éiceachórais thionsclaíocha eile, mar shampla mar gheall ar an tionchar atá ag orduithe dianghlasála áitiúla nó ganntanais foirne lóistíochta. Tá dlúthchomhar leis na páirtithe leasmhara ar fud na n-éiceachóras tionsclaíoch tábhachtach i gcónaí.

Leag paindéim COVID-19 béim freisin ar dhúshláin níos leithne don Mhargadh Aonair i gcás ina dtarlaíonn suaitheadh éilimh nó soláthair nach raibh coinne leis. D'fhéadfaí an fhreagairt éigeandála in earnálacha sonracha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo a bhainistiú ar bhealach ní b'fhearr le comhroinnt faisnéise fheabhsaithe agus bealaí cumarsáide níos fearr. Déanfar measúnú breise ar na gnéithe sin, i measc nithe eile, sa mheasúnú tionchair ar an togra atá le teacht ón gCoimisiún maidir leis an Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair.

[32] Féach an fógra réamhfhaisnéise a foilsíodh an 17 Meán Fómhair 2021: https://ted.europa.eu/udl?uri=TED:NOTICE:467537-2021:TEXT:EN:HTML&src=0.

**TIONSCNAIMH AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN AONTAIS**

- Obair for-rochtain leanúnach sa tionscal maidir leis an tionchar atá ag bearta paindéime ar fud an domhain ar infhaighteacht ábhar criticiúil.
- EU FAB a sheoladh, líonra de shaoráidí táirgeachta aonair agus/nó ilteicneolaíochta seasta san Eoraip chun vacsaíní a tháirgeadh.
- Leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar an slabhra soláthair do fhrithbhearta leighis ríthábhachtacha agus dá n-ábhair ionchuir, go háirithe i gcomhar le comhpháirtithe domhanda, lena n-áirítear trí Thascfhórsa Comhpháirteach AE-SAM maidir le Slabhraí Monaraíochta agus Soláthair i dtaca le COVID.

***(vi) Aghaidh a thabhairt ar mhífhaisnéis agus ar bhréagaisnéis***

D'úsáid gníomhaithe eachtracha an phaindéim chun leas a bhaint as easpa muiníne, eagla agus fíorábhair imní na saoránach, agus chun iad sin a dhéanamh níos measa, ar mhaithe leo féin. Ionramháil agus cur isteach den sórt sin ar fhaisnéis, lena n-áirítear bréagaisnéis, bhí siad ina mbagairt ar an bhfreagairt éifeachtach ar an bpaindéim agus bhain siad an bonn de mhuinín an phobail as na hinstitiúidí a bhíonn ag déileáil le paindéim COVID-19. Le breis agus dhá bhliain anuas, tá an Coimisiún agus an tArdionadaí ag tacú leis na Ballstáit ábhar iontaofa a chur chun cinn, bearnaí faisnéise a shainaithint agus freagairt a thabhairt orthu, iarracht a dhéanamh cur i gcoinne gníomhaíochtaí ionramhála faisnéise agus cur isteach ar fhaisnéis, agus i gcoinne iarrachtaí ó ghníomhaithe stáit agus neamhstáit leas a bhaint as an ngéarchéim agus beatha na saoránach a chur i mbaol.

Mar fhreagairt ar scaipeadh ollmhór na bréagaisnéise agus/nó na faisnéise míthreoraí ar bhealach neamhbheartaithe, tá dlús curtha ag an Aontas agus ag na Ballstáit lena n-iarrachtaí cumarsáide chun faisnéis thráthúil agus fhíorasach a chur ar fáil faoin bpaindéim agus faoi na bearta a ghlactar. Tá an tAontas tar éis cur lena chomhar laistigh d'Institiúidí an Aontais agus, go háirithe, le Ballstáit an Aontais, le páirtithe leasmhara ón tsochaí shibhialta agus ón tionscal tríd an gCóras Mear-Rabhaidh (RAS), chun faisnéis, anailís agus dea-chleachtais a chomhroinnt maidir le conas cumarsáid a dhéanamh go straitéiseach agus athléimneacht i gcoinne ionramhála faisnéise a bhaineann leis an bpaindéim a chothú, chomh maith le comhoibriú faoi chuimsiú Chód Cleachtais an Aontais Eorpaigh. Tá Teachtaireacht Chomhpháirteach foilsithe ag an Aontas Eorpach freisin maidir le bréagaisnéis COVID-19[33]. Mar gheall ar scála domhanda agus ar thionchar na hionramhála agus an chur isteach faisnéise i gcomhthéacs na paindéime, d'oibrigh an tAontas i ndlúthchomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta, go háirithe Sásra Mearfhreagartha G7, chun léargas a roinnt maidir le gníomhaíochtaí den sórt sin agus chun roghanna freagartha a mhalartú.

**PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ NA mBALLSTÁT**

- Teachtaireachtaí leanúnacha comhsheasmhacha a dhéantar arís agus arís eile a áirithiú chun mífhaisnéis agus bréagaisnéis maidir le COVID-19 a laghdú, agus tacú leis sin go háirithe trí fhaireachán a dhéanamh ar thimpeallacht na faisnéise agus ar threochtaí faisnéise chun freagairt a dhéanamh agus faisnéis a roinnt le chéile dá réir.
- Teachtaireachtaí soiléire a ullmhú maidir le hidirghabhálacha neamhchógaisíochta atá cothrom, maidir leis an ngá atá le vacsaíniú, agus maidir leis an bhféidearthacht bearta atá bunaithe ar an eolaíocht is fearr atá ar fáil a thabhairt isteach arís.

[33] Teachtaireacht Chomhpháirteach: Tackling COVID-19 disinformation – Getting the facts right [Bréagaisnéis faoi COVID-19 a chomhrac – An t-eolas cruinn a bheith ar fáil], JOIN(2020) 8 final.

- Socruithe sonracha rannpháirtíochta pobail a chur i bhfeidhm, ar mhaithe le tuiscint níos fearr a fháil ar ábhair imní agus ar bhraistint riosca. Staidéir ar léargas iompraíochta a mheas, go háirithe chun tuiscint a fháil ar ghlacadh vacsaíní – i gcoinne COVID-19 chomh maith leis an bhfliú – chun a bheith in ann a nglacadh a bharrfheabhsú.
- Straitéisí cumarsáide a ullmhú maidir leis na riachtanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo maidir le dáileoga breise de vacsaíní COVID-19 a bhfuil vacsaíní nua nó vacsaíní modhnaithe ag gabháil leo.
- Leanúint d'anailís agus de mheasúnuithe ar ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a bhaineann leis an bpaindéim a chomhroinnt trí Chóras Mear-Rabhaidh an Aontais.

**TIONSCNAIMH AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN AONTAIS**

- Leanfaidh an Coimisiún agus an tArdionadaí de bheith ag cur leis na gníomhaíochtaí a liostaítear sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le bréagaisnéis COVID-19 agus sa Phlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach[34] chun athléimneacht a mhéadú i gcoinne na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise san fhadtéarma. Áirítear leis sin malartú ábhar cumarsáide a bhaineann le coróinvíreas a éascú idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit[35], chomh maith le faireachán, anailísiú agus freagairt thapa a dhéanamh ar bhagairtí don tsláinte phoiblí.
- Tríd an gCód Cleachtais neartaithe maidir le Bréagaisnéis[36], cuirfidh an Coimisiún feabhas ar an gcomhar le hardáin ar líne agus tacóidh sé le seiceálaithe fíricí na hEorpa.
- Tá an Coimisiún ag tacú le taighde chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhféadfadh mífhaisnéis agus ionramháil faisnéise tionchar a imirt ar ghlacadh vacsaíní. Déanfar measúnú ar an ngá atá le tuilleadh taighde.

### *(vii) An ghné dhomhanda: Dlúthpháirtíocht agus rialachas*

Tá an tAontas Eorpach, a Bhallstáit agus a institiúidí airgeadais, ag gníomhú dóibh faoin ainm Foireann na hEorpa, ar thús cadhnaíochta sa fhreagairt dhomhanda ar COVID-19 agus tá acmhainní agus saineolas á gcomhthiomsú aige.

Tá an tAontas Eorpach ar thús cadhnaíochta sa dlúthpháirtíocht dhomhanda agus is é an t-onnmhaireoir vacsaíní COVID-19 is mó ar domhan. Onnmhairíodh os cionn 2.1 billiún dáileog chríochnaithe go 166 tír faoi Mhárta 2022, arbh ionann é sin agus thart ar dhá thrian dá mhonarú iomlán go dtí seo, agus cuireadh tús leis sin go han-luath sa phaindéim. Idir an dá linn, le sásra údaraithe onnmhairiúcháin a cuireadh in ionad sásra faireacháin, áirithítear go bhfuil trédhearcacht ann maidir le vacsaíní arna n-onnmhairiú ag monaróirí agus go gcomhlíonann monaróirí a n-oibleagáidí sna Comhaontuithe Ceannaigh a síníodh leis an Aontas, lena n-áirítear gealltanais vacsaíní a chur ar fáil go hidirnáisiúnta chun deireadh a chur leis an bpaindéim dhomhanda.

Tá beagnach EUR 6 billiún geallta ag Foireann na hEorpa don Luasaire um Rochtain ar Uirlisí COVID-19, os cionn EUR 4 billiún de sin do COVAX, an colún vacsaíne, i bhfoirm deontas agus iasachtaí le haghaidh vacsaíní a cheannach do thíortha íseal-ioncaim agus íseal-mheánioncaim. Tugadh tacaíocht EUR 10 milliún go dtí seo don Mhaolán Daonnúil COVAX, arb é is aidhm dó

[34] Commission Communication on the European democracy action plan [Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an bplean gníomhaíochta um dhaonlathas Eorpach], COM/2020/790 final.

[35] Tríd an Líonra inmheánach i gcoinne na bréagaisnéise agus tríd an gCóras Mear-Rabhaidh (RAS).

[36] Commission Communication, European Commission Guidance on Strengthening the Code of Practice on Disinformation, [Teachtaireacht ón gCoimisiún, Treoir ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an gCód Cleachtais maidir le Mífhaisnéis a Neartú], COM/2021/262 final.

vacsaíniú a chumasú i gcomhthéacsanna leochaileacha agus i limistéir atá deacair teacht orthu. Tá ar a laghad 700 milliún dáileog de vacsaíní COVID-19 geallta ag an Aontas lena ndeonú do thíortha comhpháirtíochta, agus tá os cionn 474 milliún acu roinnte cheana féin. Ina theannta sin, tá straitéis an Aontais maidir le teiripe COVID-19 inscálaithe ar mhaithe le hothair COVID-19 ar fud an domhain. Ar bhonn níos ginearálta, chuir Foireann na hEorpa breis agus EUR 46 billiún ar fáil chun tacú le tíortha comhpháirtíochta dul i ngleic le tionchar sláinte agus socheacnamaíoch an phaindéim.

Ós rud é go bhfuil soláthar mór vacsaíní ar fáil, tá an dúshlán ag athrú ó líon ard dáileoga a sholáthar chun iad sin a riar agus cuidiú le tíortha dul i ngleic leis na dúshláin shonracha atá rompu. Go dtí seo, tá EUR 1 billiún[37] slógtha ag Foireann na hEorpa chuige sin. Leis an bPacáiste Tacaíochta Vacsaíní a cuireadh i láthair ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach (Cruinniú Mullaigh AU-AE) i mí Feabhra 2022, cumhdaítear soláthar, ábhar coimhdeach agus tacaíocht seachadta. Déanfar é a oiriúnú mar fhreagairt ar riachtanais shonracha athraitheacha na dtíortha sin. Iarrann an tAontas go ndéanfar comhordú níos fearr ar na hiarrachtaí idirnáisiúnta chun cumas na dtíortha a neartú maidir le húsáid agus riaradh éifeachtach vacsaíní, amhail tríd an bPlean Gníomhaíochta Domhanda agus a Línte Iarrachtaí.

Ag an am céanna, tá obair leantach á déanamh ag an Aontas, i gcomhar le comhpháirtithe na hAfraice, ar na conclúidí ón gCruinniú Mullaigh idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach, lena n-áirítear maidir le tionscnaimh Fhoireann na hEorpa a chur chun feidhme chun borradh a chur faoi mhonarú vacsaíní, cógas agus teicneolaíochtaí sláinte san Afraic (MAV+) agus chun córais sláinte agus creataí rialála a neartú a thuilleadh. Cuirfidh an Coimisiún tuilleadh feabhais ar an gcomhar le Lárionaid Afracacha um Ghalair a Rialú agus a Chosc (CDC na hAfraice) agus leis an nGníomhaireacht Leigheasra Afracach (AMA), arb é is aidhm dó sin go háirithe cur le teacht aniar na gcóras sláinte san Afraic agus an comhar réigiúnach a chur chun cinn, i réigiúin eile ar domhan freisin.

Leanfar leis an obair ar fud thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus na mBalcán Thiar chun cumas na gcóras sláinte a neartú chun déileáil le ráigeanna áitiúla COVID-19 chomh maith le galair theagmhálacha eile.

Leis an taithí a fuarthas le linn phaindéim COVID-19, léiríodh an gá atá le hathchóirithe a dhéanamh ar an ailtireacht dhomhanda sláinte agus le freagairt chomhchoiteann, éifeachtach agus phráinneach ar phaindéim amach anseo ón bpobal idirnáisiúnta. De bharr abhcóideacht an Aontais ar son ionstraim idirnáisiúnta nua atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i ndáil le paindéimí[38], tá tús curtha le caibidlíocht anois. Le hionstraim den sórt sin, ba cheart athrú iomlán a theacht ar an gcreat domhanda sláinte trí aghaidh a thabhairt ar na bearnaí a nochtar le paindéim COVID-19.

Tá dlúthbhaint aige sin leis an ngá atá lena áirithiú go gcomhlíonfar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta agus go gcuirfear chun feidhme iad ar bhealach níos fearr, agus go neartófar an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, lena n-áirítear trí mhaoiniú inbhuanaithe agus leordhóthanach chun a sainordú a chomhlíonadh.

Leanfaidh an tAontas de bheith ar thús cadhnaíochta chun feabhas a chur ar réimse na sláinte domhanda, agus saothróidh sé iarrachtaí iltaobhacha. Deis a bheidh sa Chruinniú Mullaigh maidir le COVID-19 a thionólfaidh na Stáit Aontaithe an 12 Bealtaine chun feabhas a chur ar an gcomhar

[37] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/fs_22_870.

[38] https://www.who.int/news-room/commentaries/detail/op-ed---covid-19-shows-why-united-action-is-needed-for-more-robust-international-health-architecture.

domhanda. Thairis sin, ag tógáil ar an gCruinniú Mullaigh Domhanda maidir leis an tSláinte a bhí ar siúl i mí na Bealtaine 2021, tionólfaidh an Coimisiún an chéad Fhóram um Beartas Sláinte Domhanda le heagraíochtaí na sochaí sibhialta sna míonna atá romhainn.

Ina theannta sin, tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, tá an tAontas ag iarraidh athléimneacht na trádála domhanda i dtáirgí bunriachtanacha a threisiú trína chomhpháirtithe trádála a spreagadh chun gealltanais a thabhairt gan srian a chur ar onnmhairiú earraí riachtanacha, trédhearcacht níos fearr a áirithiú i ndáil le bearta trádála agus trádáil le linn géarchéime a éascú. Tá an tAontas ag obair go gníomhach freisin chun teacht ar chomhaontú maidir le ról na maoine intleachtúla mar chuid de chur chuige cuimsitheach trádála agus sláinte ag an 12ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála.

**TIONSCNAIMH AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN AONTAIS**

- Leanfaidh an tAontas dá ról ceannasach sa fhreagairt dhomhanda ar COVID-19 a shaothrú, i gcomhar leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta, agus a iarrachtaí á gcur in oiriúint aige don chomhthéacs atá ag teacht chun cinn – go háirithe trí phacáiste cuimsitheach breise tacaíochta vacsaíní a chur ar fáil don Afraic bunaithe ar sholáthar, ábhar choimhdeach agus tacaíocht seachadta.
- Leanfaidh Foireann na hEorpa de thacaíocht a thabhairt do rochtain ar chúram sláinte leormhaith a bheith ag gach daonra agus do chórais sláinte níos láidre i dtíortha comhpháirtíochta i ngach réigiún chun galair a bhrath, a chóireáil agus a chosc, agus chun freagairt do na heipidéimí agus do na paindéimí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, go háirithe trí tháirgeadh cógaisíochta áitiúil neartaithe agus tríd an gcur chuige Aon Sláinte Amháin. Déanfaidh an tAontas níos mó ná EUR 1 billiún a infheistiú chun córais sláinte a neartú agus EUR 1 billiún ar a laghad a chur ar fáil chun tacú le táirgí sláinte áitiúla a mhonarú san Afraic.
- Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú leis na Balcáin Thiar agus Comhpháirtíocht an Oirthir agus le tíortha na hAfraice chun a gcórais sláinte a neartú, lena n-áirítear soláthar seirbhísí spriocdhírithe, cúram príomhúil agus tánaisteach, lucht saothair sláinte agus córais faisnéise sláinte, agus pacáiste bunúsach de sheirbhísí riachtanacha chun suaitheadh a sheasamh, chun luathrabhadh maidir le ráigeanna galair a chumasú agus chun frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chosc.
- Leanfaidh an tAontas de spreagadh a thabhairt dá chomhpháirtithe sna Balcáin Thiar páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí faoin gclár EU4Health, le bheith ina sínitheoirí le Comhaontú an Aontais maidir le Soláthar Comhpháirteach (ar cheart é a bheith ar fáil freisin do thíortha Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála [39]i gcomhpháirtíocht an Oirthir), agus, in éineacht leis an Úcráin (agus tíortha eile an Limistéir sin), a bheith in ann páirt a ghlacadh sa Choiste Slándála Sláinte mar bhreathnóirí.
- Tacóidh an tAontas le hiarrachtaí iltaobhacha agus spreagfaidh sé iad chun na ceachtanna a fhoghlaim ón bpaindéim reatha trí fheabhas a chur ar na straitéisí domhanda sláinte, ar an ailtireacht dhomhanda sláinte agus ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta.
- Oibreoidh an tAontas Eorpach i gcomhar le comhpháirtithe trádála roimh an 12ú Comhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála chun a áirithiú go leanfar d'ábhair riachtanacha a chur ar fáil trí shlabhraí soláthair oscailte agus trí thrádáil agus chun tacú go gníomhach leis an obair san Eagraíocht Dhomhanda Trádála maidir leis an bhfreagairt don phaindéim, lena n-áirítear maidir le gnéithe a bhaineann le maoin intleachtúil.

[39] Is éard atá sna Limistéir Dhoimhne Chuimsitheacha Saorthrádála (DCFTA) trí limistéar saorthrádála a bunaíodh idir an tAontas Eorpach, agus an Mholdóiv, an tSeoirsia agus an Úcráin faoi seach.

## 4. BEARTA ATÁ LE DÉANAMH SA MHEÁNTÉARMA AGUS SAN FHADTÉARMA

Le COVID-19 cruthaíodh dúshláin fhadtéarmacha nach mór don Aontas aghaidh a thabhairt orthu chun gur fearr a bheidh sé in ann aghaidh a thabhairt ar bhagairtí sláinte atá ann de bharr galair thógálacha. Ag tógáil ar na gníomhaíochtaí gearrthéarmacha a leagtar amach sa chaibidil roimhe seo, tá deiseanna ann feabhas breise a chur ar an gcur chuige Sláinte Amháin, ar ullmhacht i leith paindéime agus ar chomhordú freagairtí idir na Ballstáit agus ar an leibhéal domhanda a neartú.

Thairis sin, leanfaidh an Coimisiún de bheith ag tacú le bearta breise ullmhachta faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, agus ar an mbealach sin déanfar tuilleadh forbartha ar chúltaca straitéiseach trealaimh leighis de chuid rescEU.

Tá sé tábhachtach ailíniú a áirithiú idir bearta téarnaimh COVID-19 agus spriocanna fadtéarmacha maidir leis an aeráid, maidir leis an gcomhshaol agus maidir leis an tsochaí, ionas go n-atógfar chun feabhais.

Agus é ag féachaint chun cinn, chuir ECDC anailís ar fáil ar chásanna fadtéarmacha cáilíochtúla a léiríonn raon leathan torthaí féideartha, mar a léirítear thíos. Amhail lár mhí Aibreáin 2022, is cosúil go bhfuil an t-athbheochan a chonacthas le déanaí san Eoraip ag moilliú. Mar thoradh air sin, in éineacht le comharthaí go bhféadfadh sé nach n-eascraíonn rátaí galair throma atá chomh suntasach leo siúd atá le feiceáil níos luaithe as an tarchur leanúnach a chonacthas le déanaí i measc daonraí níos sine, is é an toradh atá air sin go bhfuil an staid reatha idir na cásanna ‘bagairt laghdaithe’ agus ‘ath-ionfhabhtuithe rialta’. Beidh le feiceáil cén cás a bheidh ann san fhadtéarma.

**Cúig chéim fhéideartha: Cásanna fadtéarmacha maidir le forbairt phaindéim COVID-19**

| Bagairt laghdaithe | Ath-ionfhabhtuithe rialta | Geimhreadh ar éigean a d’fhéadfaí é a láimhseáil | Geimhreadh doláimhsithe | Paindéim nua |
|---|---|---|---|---|
| • Tá ospidéalú agus mortlaíocht de dheasca COVID-19 éirithe an-íseal agus tá sé fós an-íseal.<br>• Meastar go bhfuil COVID-19 inláimhsithe mar ghnáthchúrsa ar fud an Aontais/LEE. | • Tá athraithigh nua a sheachnaíonn imdhíonacht ag teacht chun cinn i gcónaí, agus tá siad taobh thiar d’ath-ionfhabhtuithe rialta.<br>• Cé go bhfuil mortlaíocht COVID-19 fós sách íseal, is léir go bhfuil imdhíonacht ag dul i léig agus ní fánach na rátaí ospidéalaithe agus mortlaíochta i measc daonraí atá i mbaol. | • Tá an víreas ag méadú níos tapúla ná na vacsaíní agus cosaint ár gcórais imdhíonachta i gcoinne ionfhabhtú agus i gcoinne tarchur ar aghaidh.<br>• Tagann athraithigh SARS-CoV-2 ag a bhfuil déine intreach níos airde acu chun cinn, in éineacht le himdhíonacht mhaolaitheach.<br>• Má tá toilteanas an daonra dáileoga vacsaíne breise a thógáil ag laghdú, cuirtear leis an ualach suntasach ar chórais chúraim sláinte le linn an gheimhridh freisin. | • Is leor an imdhíonacht mhaolaitheach agus an éabhlóid víreasach chun rátaí ospidéalaithe i measc an phobail i gcoitinne a chruthú a sháraíonn acmhainneacht an chórais cúraim sláinte.<br>• Bheadh idirghabhálacha neamh-chógaisíocht a níos déine ag teastáil i gcúinsí den sórt sin, ach ní ghlactar leo agus ní chloífí leo ar bhealach maith, agus fágann sé sin go bhfuil deireadh le bearta éigeantacha, a bheag nó a mhór.<br>• Tuirse ginearálta maidir le vacsaíniú. | • Sa chás sin, fíoraítear ar deireadh an bhagairt a bhíonn ann i gcónaí go dtiocfaidh tréithchineálacha nua paindéime chun cinn.<br>• Filleadh ar chur chuige chun ‘an cuar a chothromú’ chun go mbeidh am ann chun vacsaín leasaithe a thabhairt isteach.<br>• Bheadh gá le measúnú cúramach a dhéanamh sular gcuirfí srianta diana i bhfeidhm i bpobal a bhí tuirseach den phaindéim cheana féin. |

***Dul i ngleic le tionchair níos leithne ar an tsláinte a bhaineann leis an bpaindéim, lena n-áirítear ‘COVID fadmharthanach’***

Go dtí seo, níl ach tuiscint pháirteach ar thionchair chasta, dhíreacha agus indíreacha phaindéim COVID-19. Beidh gá le tuilleadh sonraí a bhailiú agus a anailísiú sna blianta amach romhainn chun tuiscint iomlán a fháil ar na tionchair sláinte sin. Thairis sin, ní mór tuiscint a fháil ar mhéid na

saincheisteanna sláinte poiblí, eacnamaíocha agus sóisialta a bhaineann le daoine a bhfuil riocht iar-COVID-19 orthu, dá ngairtear 'COVID fadmharthanach' freisin.

Beidh sé tábhachtach méadú a dhéanamh ar an mbéim a leagtar ar athléimneacht córais cúraim sláinte ó thaobh acmhainní airgeadais agus daonna de, agus ar earraí a leithdháiltear chun cúram sláinte a sheachadadh. Ina theannta sin, chun pleanáil níos fearr i leith riachtanais cúraim sláinte a chumasú, ní mór dúinn feabhas a chur ar ár dtuiscint ar leibhéil mortlaíochta agus galrachta níos mó a breathnaíodh le linn na paindéime, a bhainfidh freisin le riaráiste i gcúram nach cúram COVID é. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh ar gach leibhéal chun dul i ngleic le riochtaí a bhfuil sé léirithe ina leith go méadaíonn siad an baol go dtiocfaidh torthaí tromchúiseacha as COVID-19, amhail otracht agus diaibéiteas.

Ag an am céanna, tá méadú tagtha ar ualach na paindéime i ndáil leis an meabhairshláinte, mar a léirítear sa mhéadú suntasach ar an imní a tuairiscíodh agus ar neamhoird dhiana sa chuid is mó de thíortha na hEorpa. Tugann na sonraí atá ar fáil le fios go bhfuil tionchar phaindéim COVID-19 ar mheabhairshláinte daoine go háirithe mór i measc leanaí[40] agus daoine óga, ban, agus grúpaí leochaileacha, amhail daoine scothaosta, agus daoine a bhfuil na riochtaí sláinte orthu nó atá faoi mhíchumas[41].

I mí Feabhra 2022 sheol an Coimisiún glao ar thograí le haghaidh tionscadal chun tacú le meabhairshláinte leanaí agus daoine óga leochaileacha[42], agus maoineofar gach ceann acu le deontas EUR 4 milliún, agus chuir sé le Bliain Eorpach na hÓige freisin. An 4 Bealtaine, tabharfaidh Gradam Sláinte an Aontais Eorpaigh 2021 aitheantas do thionscnaimh phobalbhunaithe lena maolófar tionchar meabhairshláinte COVID-19. Tá suas le EUR 750 000 ar fáil chun cuidiú le dhá chleachtas a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le dúshláin mheabhairshláinte le linn COVID-19.

***Dlús a chur leis an digitiú sa tsláinte***

Tá tábhacht na seirbhísí digiteacha léirithe go soiléir ag paindéim COVID-19 agus spreag sé luathú ollmhór i nglacadh uirlisí digiteacha, lena n-áirítear don tsláinte phoiblí agus i seirbhísí cúraim sláinte[43]. Beidh sé ríthábhachtach freisin córais dhigitithe laistigh agus lasmuigh den Eoraip a dhéanamh idir-inoibritheach chun faireachas agus freagairt idir-réigiúnach agus dhomhanda a nascadh agus chun a n-éifeachtúlacht a fheabhsú. Leis an togra reachtach atá ar na bacáin ón gCoimisiún maidir le Spás Eorpach Sonraí Sláinte, féachfar le leas a bhaint as cumhacht agus acmhainneacht sonraí sláinte agus ar mhaithe le hothair, chun athléimneacht na gcóras sláinte a mhéadú agus chun cur lena gcumas freagairt go tapa do bhagairtí sláinte.

## 5. CONCLÚID

Bhí an iliomad tionchar fadréimseach ag paindéim COVID-19 ar an tsláinte phoiblí, ar ár gcórais sláinte, ar ár ngeilleagair agus ar ár modh maireachtála ina iomláine. D'fhéadfadh cor cinniúnach a bheith sa chaoi a dtabharfaimid aghaidh ar an gcéad chéim eile sa phaindéim.

---

40 Díríodh ar mheabhairshláinte le tuarascáil 2021 UNICEF ar 'The State of the World's Children'. Tugadh rabhadh sa tuarascáil go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag an bpaindéim ar mheabhairshláinte leanaí agus daoine óga go ceann blianta fada: Https://www.unicef.org/media/108121/file/SOWC-2021-Europe-regional-brief.pdf.

41 EDS, 2022, Mental health and COVID-19: early evidence of the pandemic's impact: scientific brief, an 2 Márta 2022. https://apps.who.int/iris/handle/10665/352189.

42 AE4H-2022-PJ-03: DP-g-22-07.01/03 Call for proposals on promoting mental health [Glao ar thograí maidir le meabhairshláinte a chur chun cinn].

43 Amhail ríomhthaifid sláinte, teileashláinte, ríomhoidis agus feidhmchláir sláinte dhigiteacha. Ina theannta sin, baineadh úsáid as ardáin dhigiteacha agus aipeanna le haghaidh faireachán agus faireachas ar COVID-19, rianú teagmhála, cláir vacsaínithe, agus chun deimhniú COVID-19 a eisiúint agus a fhíorú.

Is faoiseamh mór é maolú na n-idirghabhálacha neamhchógaisíochta, go háirithe do shaoránaigh agus do chórais sláinte, ach d'oibreoirí eacnamaíocha atá ag téarnamh ó thionchair uafásacha na paindéime freisin. Mar sin féin, tá na hiarrachtaí leanúnacha ríthábhachtach. Tá an phaindéim fós ann agus is dócha go mbeidh borradh ann amach anseo. Ba cheart breathnú ar ullmhacht agus ar fhreagairt éifeachtach mar phróiseas leanúnach, agus ba cheart meastóireachtaí leanúnacha ar bheartais, ar phleananna agus ar nósanna imeachta a bheith ag gabháil leo, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh, chun go mbeidh siad chomh héifeachtach agus is féidir.

Is féidir linn, agus ní mór dúinn, níos mó a dhéanamh chun na ceachtanna sin a aithint agus gníomhú dá réir, ionas go bhfeabhsóimid ár n-ullmhacht sláinte poiblí agus ár bhfreagairt ar phaindéimí agus ar ghéarchéimeanna sláinte amach anseo. Chun go n-éireoidh linn, ní mór dúinn aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar na bearnaí atá inár gcórais sláinte poiblí agus cúraim sláinte agus a áirithiú go bhfuil siad athléimneach go leor chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí sláinte amach anseo, agus aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin agus leis an gcomhordú ar fud na n-earnálacha ó thaobh an tAontas a ullmhú níos fearr i leith éigeandálaí. Má dhéanaimid infheistíocht sna réimsí sin anois, déanaimid infheistíocht sa todhchaí mar go bhféadfaimis srian a chur ar an tionchar a bheidh ag ráigeanna nó paindéimí amach anseo.

Mar gheall ar vacsaíniú, ar imdhíonacht nádúrtha agus ar chur chuige comhordaithe an Aontais, tá deis againn gníomhú chun an Eoraip a ullmhú níos fearr do na cásanna éagsúla atá le teacht. Trí thograí uile Aontas Sláinte na hEorpa a ghlacadh go pras, neartófar cumas an Aontais géarchéimeanna sláinte a chosc, a ullmhú agus freagairt dóibh. Is féidir leis an airdeall sin an bealach a réiteach do shlándáil sláinte níos láidre ar an leibhéal Eorpach agus domhanda. Tapaímis an deis sin agus gníomhóimid fad is atá an deis sin fós ar fáil.